

NUASHONRÚ FMS

EAGRÁN IAR-BHUNSCOILE

EAGRÁN 10 – Nollaig 2017

FMS 2016-2020 – ag féachaint siar agus chun tosaigh

Fáilte go heagrán a deich de Nuashonrú FMS, an ríomhfheasachán do na hiar-bhunscoileanna.

Tá tús curtha cheana féin leis an dara bliain de thimthriall 2016-2020 na féinmheastóireachta scoile. Moltar timthriall ag tosú le bliain imscrúdaithe sa chiorclán reatha FMS [0039/2016](#) agus sna [Treoirínte FMS](#). Ag éirí as an imscrúdú sin – na chéad trí chéim de phróiseas FMS – ceapfar plean gníomhaíochta ar mhaithe le feabhsúcháin, agus díreofar, sa dara bliain den timthriall, ar an bplean feabhsúcháin sin a chur i ngníomh.

Is eol dúinn gur iomaí scoil atá ar an gcosán sin cheana, agus a bhfuil pleananna feabhsúcháin á gcur i ngníomh acu sna réimsí sin a d'aithin siad mar réimsí tosaíochta. Fiú nuair is ó thionscnaimh náisiúnta na tosaíochtaí seo, ar nós athchóiriú na sraithe sóisearaí, tá an deis ag na scoileanna, trí phróiseas an FMS, na hathruithe sin a thabhairt isteach ar shlí a oirfidh dá gcomhthéacs féin.

Is eol dúinn, mar sin féin, gur cuireadh isteach ar phróiseas an FMS, ar chúiseanna éagsúla, i scoileanna áirithe, agus go bhfuil ar a gcumas anois dul isteach sa phróiseas arís ar bhonn scoile uile. Más é seo cás do scoile féin, is féidir go mbeidh an chomhairle ar leathanach 2 ina cabhair duit.

Seans gur thug tú faoi deara, agus an ciorclán reatha FMS á léamh agat, an tagairt don leabú agus don athbhreithniú leanúnach ar chleachtais litearthachta agus uimhearthachta a cuireadh i bhfeidhm sa chéad timthriall FMS. Gheobhaidh tú roinnt moltaí ar leathanach 3 faoin tslí le tabhairt faoi sin.


Aonad Meastóireachta, Tacaíochta agus Taighde na Cigireachta



Clár

Ceangal nó athcheangal a dhéanamh leis an FMS mar ghníomhaíocht scoile uile	Ich 2
Díriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht i gcónaí san FMS	Ich 3

Féach ár suíomh gréasáin agus ár leathanaigh ar na meáin shóisialta chun go mbeidh tú ar an eolas faoi fhorbairtí maidir leis an FMS. Clíceáil ar na deilbhíní thíos chun an nasc cuí a oscailt.



Ceangal nó athcheangal a dhéanamh leis an FMS mar ghníomhaíocht scoile uile

Bhí an Roinn den tuairim i gcónaí gur tionscadal fadtéarmach a bheadh san fhéinmheastóireacht scoile i bhformhór na scoileanna, fiú sna cásanna ab fhearr. Is féidir leis a bheith dúshlánach machnamh a dhéanamh ar do chleachtas féin, agus ar chleachtais na scoile uile. Agus ní mór a admháil gur ciall dhiúltach seachas ciall dhearfach a shamhlaítear, uaireanta, leis an bhfocal ‘feabhsú’. Anuas ar sin, táimid ag stráicail leis na torthaí ar ghéarchéim dhian eacnamaíoch, agus níl aon amhras ach go raibh constaicí go leor le sárú ag tabhairt isteach an FMS.

Ní miste na torthaí dearfach a lua, leis. Is féidir gurb eol duit go raibh dhá cheann de sheimineáir FMS ag an gCigireacht do cheannairí scoile i Samhain 2017, agus b’údar dóchais a ghafa sa phróiseas a bhí na daoine a bhí i láthair. Fógófar seimineáir eile ar [shuíomh gréasáin FMS](#) an chéad téarma eile.

Tá sé tugtha faoi deara ag cigirí a thug cuairteanna comhairleacha FMS ar scoileanna go bhfuil scoileanna dearfach i leith an phróisis, agus go bhfuil ag méadú ar an mbraistint úinéireachta agus cumhachtaithe dá bharr. Bhí roinnt comhráite saibhre ann le linn na gcuariteanna seo ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim. Mura raibh cuairt FMS agat roimhe seo agus más mian a leithéid de chuairt a shocrú, seol ríomhphost chuig info@schoolself-evaluation.ie.

Cad iad na rudaí tábhachtacha nár mhór a chur san áireamh más mian leat, dála mórchuid scoileanna eile, borradh a chur faoin bpróiseas FMS i do scoil féin? Seo roinnt pointí comhairleacha a d’fhéadfadh a bheith ina gcabhair duit. Is dóibh siúd a bheas i gceannas ar an bpróiseas FMS, go príomha, iad seo. Fágтар fút féin é iad a scaipeadh ar na múinteoirí uile, agus ar na scoláirí agus na tuismitheoirí, más cuí.

Leagtar amach i gCiorclán 0040/2016 riachtanais na scoileanna maidir le FMS, ach ní miste a rá nach mbeidh rath ar an bpróiseas riamh mura dtéitear níos faide ná an rud atá éigeantach. Mar a deir gúrúnna an inspreagtha, ní mór fonn a bheith ort an rud éigeantach a dhéanamh!

Is fíor gur fusa é sin a rá ná a dhéanamh. Ach tarlóidh an t-athrú meanman seo nuair a bhíonn réasúnaíocht shoiléir ann chun an cleachtas reatha a athcheapadh agus cineálacha nua cur chuige a thabhairt isteach. Is minic a bhíonn tionchar láidir ag faisnéis chrua i dtaobh cúrsaí tinrimh agus gnóthachtála, ach is féidir le heolas níos boige ó scoláirí faoin rud a oibríonn ina gcás féin a bheith níos cumhachtaí fós ó thaobh cabhrú le múinteoirí tuiscint a fháil ar an gcineál athraithe atá de dhíth.

Ní éireoidh leat má iarrann tú ar dhaoine sliabh a dhreapadh atá ró-ard dóibh. Ní gá ach díriú ar ghné amháin den mhúinteoireacht agus den teagasc a dhéanfadh difear i do scoil féin. Sin an chéad chéim. Ansin socraigh cad is gá a dhéanamh chun an feabhsúchán bhaint amach.

- | | |
|--|------------------------------------|
| ➤ Conas atá an scéal faoi láthair, maidir leis? | Bailigh sonraí bonnlíne. |
| ➤ Conas ar mhaith leat an scéal a bheith? | Socraigh sprioc na soile |
| ➤ Cad iad na gníomhaíochtaí/cineálacha cur chuige a thabharfaidh ansin thú? | Leag amach do phlean gníomhaíochta |
| ➤ Conas a chuirfidh tú i ngníomh é? | Cuir an plan i ngníomh |
| ➤ Agus conas a gheobhaidh tú amach an bhfuil an plan gníomhaíochta ag obair? | Monatóireacht agus tomhas |

Féach ar chodanna de *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* a bhaineann go sonrach le do scoil féin. Díriú ar chaighdeán nó ráiteas amháin nó dhó i dtaobh cleachtas éifeachtach a bhaineann leis an ngné den mhúinteoireacht nó den fhoghlaim is mian leat a fheabhsú.

Bain úsáid as an eolas agus na sonraí atá agat cheana féin, sula mbailíonn tú tuilleadh. Agus comhairle á cur acu ar scoileanna, is minic a mheabhraíonn cigirí dóibh a shaibhre atá na sonraí atá ar fáil cheana sa scoil féin. Ag an scoil féin atá an t-eolas is fearr ar a cás féin.

Ná dearmad gur modh é an FMS, ní sprioc ann féin é. Bain úsáid as de réir mar a oireann, mar shampla i gcás na gcleachtas múinteoireachta agus foghlama is gá don tsraith shóisearach nua.

Agus ar deireadh, ba mhaith linn go bhféachfá ar ár dtuairiscí cigireachta mar chabhair duit féin – súil sheachtrach a thugann dearcadh eile duit ar an scoil mar aon le roinnt comhairle d’aistear an FMS.

Díriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht i gcónaí san FMS

Luaitear i gCiorclán 0040/2016 gné thábhachtach den leanúnachas idir an chéad agus an dara timthriall den FMS: is é sin, an fócas leanúnach ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht. Déantar tagairt sa chiorclán do scoileanna “a bheith ag díriú go lámbhríoch ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht” trí phróiseas an FMS. Déantar tagairt sa ghrafaic a chuirtear ar fáil sa chiorclán do “chleachtais litearthachta agus uimhearthachta leabaithe, faoi athbhreithniú rialta”. I gcaitheamh na gcuariteanna comhairleacha SEE, d’iarr scoileanna áirithe treoir sa ghné seo.

Díríonn an chéad chuid den alt seo ar fhócas leanúnach ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht i gcomhthéacs na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. Sa dara cuid, comhroinntear cineálacha cur chuige i leith forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta is féidir a úsáid mar iarracht scoile uile.

Foghlaim do na scoileanna ag éirí as athbhreithniú 2017 ar an Straitéis Náisiúnta

Is fiú a thabhairt chun cuimhne gur socraíodh an fócas ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht sa chéad timthriall FMS chun go bhféadfaí próiseas an FMS a nascadh leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, a tugadh isteach in 2011. Mar is eol duit, b’fhéidir, foilsíodh [athbhreithniú leanúnach](#) ar an straitéis i Márta 2017, inar socraíodh spriocanna nua náisiúnta maidir le 2017-2020.

Rinneadh comparáid san athbhreithniú idir na torthaí ábhartha ar PISA 2015 maidir le hÉirinn agus na spriocanna a socraíodh an chéad uair i 2011. Léiríodh i dtorthaí PISA gur comhlíonadh spriocanna áirithe cheana féin, agus mar sin socraíodh roinnt spriocanna nua. Gheobhaidh tú na spriocanna nua litearthachta agus uimhearthachta ar leathanaigh 18 agus 19 den athbhreithniú sin. Seo sliocht as leathanach 18:

Spriocanna Náisiúnta Feabhsúcháin i gcás na Litearthachta agus na hUimhearthachta ar Leibhéal na Bunscoile – faoi 2020

- *Tógáil ar na méaduithe ar chéatadán na ndaltaí 15 bliana d’aois atá ag feidhmiú ar Leibhéal 4 nó os a chionn sa mheasúnacht PISA ar léitheoireacht agus ar Mhatamaitic agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór.*
- *Tógáil ar na laghduithe ar chéatadán na ndaltaí 15 bliana d’aois atá ag feidhmiú ar Leibhéal 1 nó faoina bhun sa mheasúnacht PISA ar léitheoireacht agus ar Mhatamaitic agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú go mór.*
- *An céatadán de dhaltaí 15 bliana d’aois a mhéadú atá ag feidhmiú ar Leibhéal 5 nó os a chionn sa mheasúnacht PISA ar léitheoireacht agus ar Mhatamaitic. Is sprioc nua í seo chun aird a dhíriú ar na daltaí is mó atá ag déanamh dul chun cinn, agus an difríocht idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí sna scoileanna go léir a laghdú ag an am céanna.*
- *Líon na ndaltaí a roghnaíonn Matamaitic Ardleibhéil sa tSraith Shóisearach agus i scrúdú na hArdteistiméireachta a chomhdhlúthú agus a mhéadú tuilleadh chun na spriocanna a leagadh amach in 2011 a bhaint amach diaidh ar ndiaidh faoi 2020.*

Is eiseamláir ar an mórscála é an méid atá tite amach ar an leibhéal náisiúnta den mhéid a d’fhéadfaí a dhéanamh i do scoil féin agus tú ag féachaint ar an dul chun cinn a rinneadh sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Má shocraigh tú spriocanna ‘méadú céatadán’ sa chéad timthriall den FMS – maidir le leibhéal ghnóthachtála i scrúduithe caighdeánaithe, b’fhéidir – ar baineadh amach na spriocanna? Má baineadh, an bhfuil fianaise ann go bhféadfaí na spriocanna a ardú tuilleadh, nó iad a choimeád mar spriocanna leanúnacha? Murar baineadh, cén fáth a bhí leis sin? An raibh siad míréasúnta, nó an gá duit féachaint arís ar na gníomhaíochtaí trínar fhéach tú le hiad a bhaint amach?

Tá slí eile ina bhféadfaí leas a bhaint as an athbhreithniú náisiúnta chun díriú go héifeachtúil ar an litearthacht agus an uimhearthacht ar leibhéal na scoile. Sa sliocht thuas, feicfidh tú tagairtí do Leibhéal 1 agus Leibhéal 5. Is é Leibhéal 1 an leibhéal inniúlachta is ísle a luaitear in PISA agus Leibhéal 5 an dara leibhéal is airde.

Sna spriocanna náisiúnta do 2020 tá béim ar bith ar dhaltaí ar dhá cheann an speictrim inniúlachta. Déantar amhlaidh chun aird ar leith a dhíriú ar íosghnóthachtálaithe agus ardghnóthachtálaithe – agus ciallaíonn sé sin spriocanna ar leith a shocrú do na grúpaí sin. Is féidir go m’fhiú duit an cur chuige sin a ghlacadh i do scoil féin i leith cleachtais litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt agus a bheachtú.

Tá doiciméad gearr foilsithe ag an bhForas Taighde ar Oideachas ina ndéantar [cur síos](#) ar na ceithre leibhéal inniúlachta don litearthacht léitheoireachta agus don mhatamaitic a úsáideadh in PISA 2015. Is fiú go mór iad a léamh!

‘Cleachtais litearthachta agus uimhearthachta leabaithe, faoi athbhreithniú rialta’: an rud a bheadh i gceist

Cén fáth an fócas leanúnach ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht? Is scileanna geata iad seo d’fhoghlaimoirí i ngach cuid den churaclam, ach is scileannariachtanacha saoil iad, leis. Is féidir go bhfoghlaimedh scoláirí conas roghanna a thuiscint agus a bhainistiú, a bheith fiosrach agus seasmhach, glacadh leis an débhríocht, agus oibriú i gcomhar le daoine eile, trí shealbhú na litearthachta agus na huimhearthachta.

Tá cineálacha éagsúla slite le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a mhúineadh sa seomra ranga in úsáid go forleathan anois agus á leabú de réir a chéile. Ach ní mór súil chriiticiúil a chaitheamh, ó am go chéile, ar an gcleachtas féachaint an bhfuil sé ag obair mar ba cheart – sin an rud atá i gceist le ‘athbhreithniú rialta’.

Smaoinimis, mar shampla, ar an gcur chuige ‘príomhfhocail’ atá in úsáid go forleathan. Tagann na príomhfhocail ó chomhthéacsanna éagsúla: focail a bhaineann le hábhar ar leith agus atá teicniúil go maith; focail a mbíonn sé deacair ar scoláirí iad a thuiscint, a litriú nó a úsáid; nó focail a dtagann na scoláirí orthu sa léitheoireacht. Chun gach buntáiste a bhaint as cur chuige na bpríomhfhocail, is fiú féachaint go géar ar an tslí a roghnaítear iad, agus ar an tslí a gcabhraíonn tú leis na scoláirí tuiscint agus eolas a chur orthu nó go mbraitheann na scoláirí go ‘mbaineann’ an focal leo agus gur féidir leo é a úsáid le féinmhuinín.

Is gnách le saineolaithe i bhforbairt foclóra focail a rangú i gceann amháin de thrí shraith: Focail bhunúsacha a bhaineann le rudaí agus gníomhartha coitianta atá i Sraith 1. Baineann na focail i Sraith 3 le comhthéacsanna an-sainiúla agus is focail neamhghnácha iad ar an iomlán; eatarthu tá focail Shraith 2, arb iad na focail is minice a úsáideann daoine a bhfuil an teanga ar a dtail acu. Is dócha gurb é seo an tslí is úsáidí le focail a roghnú do chur chuige na bpríomhfhocail. Seo roinnt focail as Sraith 2:

abolish, banish, chamber, deliberate, exceed, frequent, genuine, hospitable, initiative

Chun gach buntáiste a bhaint as cur chuige na bpríomhfhocail, ní mór deiseanna a chur ar fáil do na scoláirí le go léifidh nó go gcloisfidh siad na focail i gcomhthéacs. Is cabhair é chun foclóir na scoláirí a leathnú agus cur lena gcuid scileanna eispriseacha na príomhfhocail a úsáid agus tú ag labhairt leis an rang; deis a thabhairt do na scoláirí na príomhfhocail a úsáid agus iad ag caint nó ag scríobh; féachaint ar fhocail ghaolmhara leis na scoláirí le go dtuigfidh an bhaint idir na focail seo agus réimsí éagsúla eolais.

Ó thaobh na huimhearthachta, an rud a dtugtar litearthacht mhatamaiticiúil air, uaireanta, is fiú an straitéis thuas a úsáid sa chás seo, leis. Cad iad na dearcaí i leith na matamaitice a shealbhaíonn scoláirí óna múinteoirí? Is beag múinteoir a déarfadh le scoláirí go bhfuil siad lag ag an léitheoireacht nó ag an scríbhneoireacht, ach tá múinteoirí ann a admhaíonn nach bhfuil aon chumas acu sa mhatamaitic. Is dearcadh ionraic é sin, ach is é a thaispeánann sé do na scoláirí ná gur féidir feidhmiú go maith mar dhuine

fásta ach a bheith neamhliteartha sa mhatamaitic ag an am céanna. Ní aon chabhair é sin, agus go deimhin, ní fíor é. Is léiriú é ar dhearcadh cúng diúltach i leith na matamaitice.

Mar sin, cad iad na bunscileanna matamaitice is gá don saol? Tá scileanna áirithe ann atá níos riachtanaí ná riamh ar scoláirí: an cumas meastóireacht agus ríomh a dhéanamh, loighic a úsáid, fadhbanna a réiteach, féachaint go criticiúil ar shonraí agus a rá cibé an bhfuil siad fíor nó an ‘nuacht bhréagach’ atá iontu. Is dúshlán é go deimhin deiseanna a thabhairt do scoláirí i ngach cuid den churaclam scileanna litearthachta sa mhatamaitic a fhorbairt agus a neartú. Ach d’fhéadfadh cur chuige scoile uile den sórt seo dul i bhfeidhm ar scoláirí ar shlí a mhairfeadh ar feadh a saoil.

Seo roinnt straitéisí a d’fhéadfaí a úsáid in ábhair éagsúla:

Meastóireacht. Ríomh. Seiceáil! Nuair a bhíonn ceist ‘cé mhéad’ le freagairt, ní gá i gcónaí breith ar an áireamhán. Iarr ar na scoláirí meastachán a dhéanamh; is tomhas é seo, ach ní tomhas gan údar é. Ansin iarr orthu an ríomh a dhéanamh, agus an t-áireamhán a úsáid ar deireadh féachaint an bhfuil an freagra ceart acu. Is scil thábhachtach é bheith in ann meastachán réasúnta a dhéanamh, nó buile faoi thuairim a thabhairt.

5 slí le heolas a chur i láthair - déan rogha! Is gá eolas a chur i láthair i mórchuid ábhar. Iarr ar na scoláirí smaoineamh ar shlite le heolas a chur i láthair, agus an tslí is fearr a roghnú. Meabhraigh dóibh gur féidir an t-eolas a chur i láthair i bhfocail, i bpictiúir, i ngraif, i dtáblaí nó i siombailí. Cad é an réiteach is fearr? Cén fáth?

Fadhbanna a réiteach nó scileanna fadhbréitigh a shealbhú? Is mór idir an dá cheann! Go traidisiúnta, sa Mhatamaitic, chiallaigh fadhbanna a réiteach an freagra ceart a fháil, agus bhí an freagra ceart ar eolas agus ní raibh aon amhras faoi. Ach san fhadhbriteach, díritear ar an bpróiseas trína n-oibrítear i dtreo réitigh, nó réitigh éagsúla. Is gá smaoineamh lasmuigh den bhosca, agus a bheith cruthaitheach agus loighciúil ag an am céanna: scileanna is féidir a aistriú go réimsí eile eolais, gan dua.